



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD
Scoil Aonad:	UCD Ar Fud na Cruinne
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair:	Cúntóir um Staidéar thar Sáile
Tréimhse an Phoist:	Téarma Seasta Sealadach, 5 bliana
Grád:	Cúntóir Feidhmiúcháin
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Clár – Leibhéal Gairme 1 (APOM-1-A)
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	2018/079
Bainisteoir Líne:	Bainisteoir Domhanda um Staidéar thar Sáile (nó ainmní)
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	017907
Riarthóir AD:	Jagoda Wychowaniak

Achoimre ar an bPost:

Stiúránn agus treoraíonn UCD Ar Fud na Cruinne straitéisí domhanda na hollscoile, soláthraíonn sé saincheannaireacht i gcomhpháirtíochtaí agus i rannpháirtíocht, earcaíocht agus tacaíocht mac léinn idirnáisiúnta, foireann isteach agus amach agus soghluaisteacht mac léinn, agus gnéithe idirnáisiúnta d'eispéireas na mac léinn.

Baineann sé lántairbhe as caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha, agus oibríonn UCD Ar Fud na Cruinne ag an gcomhéadan idir an ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta. Tacaíonn sé le ceannairí ollscoile chun beartas a cheapadh, oibríonn sé le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun cur chun feidhme a chinntiú, agus téann sé i mbun plé le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas.

Is i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú UCD Ar Fud na Cruinne agus chomh maith leis sin stiúránn agus bainistíonn sé líonra Ionad Domhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áis Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Mar chuid de ról Chúntóra um Staidéar thar Sáile, cuirfidh an sealbhóir poist ardleibhéal seirbhíse ar fáil d'Ollscoileanna comhpháirtíochta agus do mhic léinn atá ag staidéar thar sáile, i dteannta tacaíocht riaracháin d'fhoireann Chríocha Mheiriceá.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Ardleibhéal seirbhíse a chur ar fáil do mhic léinn atá ag staidéar thar sáile agus d'Ollscoileanna comhpháirtíochta.
- Cabhrú le cumarsáid réamhtheachta, lena n-áirítear riachtanais lóistín na mac léinn ag tús gach seimeastair.
- Sonraí a bhaineann le Críocha Mheiriceá a chur i dtoll a chéile faoi mhaoirseacht Stiúrthóir Cúnta um Staidéar thar Sáile agus Chríocha Mheiriceá.
- Ionchuir sonraí maidir le sonraisc/híocaíochtaí trí Ríomh-Sholáthar a bhaineann le gníomhaíochtaí i gCríocha Mheiriceá atá le faomhadh ag Stiúrthóir Cúnta um Staidéar thar Sáile agus Chríocha Mheiriceá.
- Cabhrú le gníomhaíochtaí Ionduchaithe do mhic léinn Staidéir thar Sáile ag tús gach seimeastair.
- Déileáil le fiosrúcháin agus comhairle agus tacaíocht leanúnach a sholáthar do mhic léinn Staidéir thar Sáile

agus iad in UCD.

- Tras-scríbhinní a chur ar aghaidh chuig ollscoileanna comhpháirtíochta tar éis imeacht na mac léinn Staidéir thar Sáile.
- Tuairiscí chun dáta i gcló a chomhordú agus ábhair bholscaireachta Chríocha Mheiriceá a scaipeadh le haghaidh Aontáí.
- Déileáil le fiosrúcháin agus faisnéis a sholáthar d'Ollscoileanna comhpháirtíochta.
- Cabhrú le comhordú sceideal cruinnithe agus cuairteanna ar champas d'Ollscoileanna a thagann ar cuairt.
- Déileáil le fiosrúcháin ó mhic léinn Staidéir thar Sáile ionchasacha.
- Tacaíocht riaracháin a sholáthar don fhoireann Chríocha Mheiriceá.
- Cabhrú le rannóg Chríocha Mheiriceá an tsuímh.
- Dualgais eile de réir mar is gá

95 Cúntóir Feidhmiúcháin_2010 Scála Tuarastail: € €30,714 - €46,950 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Cnuasach Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post na **Bainistíochta agus Oibríochtaí Acadúla agus Clár** agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairmréime 1. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Post ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cailíochtaí

- 1-2 bhliain de thaithí ar sheirbhísí gairmiúla nó ar chustaiméirí ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- Anailís Ghnó (Leibhéal Oilteachta 1): Dea-chumas chun riachtanais úsáideora a aistriú go réitigh, próisis a dhoiciméadú, tuarascálacha a scríobh agus cultúr feabhsaithe leanúnach a chruthú.
- Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 1): Forbairt a dhéanamh ar eolas ar an dea-chleachtas i ndáil le bainistíocht sonraí agus rialachas sonraí.
- Teacht Aniar Oibríochtúil (Leibhéal Oilteachta 1): Coinníonn seasmhacht agus feidhmíocht i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú. Léiríonn diongbháilteacht, féinsmacht agus tiomantas i bhfianaise timpeallachta nó deacrachtaí atá ag athrú. Cuimsíonn teacht aniar ó dhíomá nó achrann, gan ligean dóibh tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht leanúnach.
- Tacaíocht, Treorú agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 1): Dea-chumas tacaíocht, treoir agus comhairle a

chur ar fáil do mhic léinn, don dámh agus don fhoireann. Clúdaíonn leas agus folláine na mac léinn agus na foirne laistigh den institiúid chomh maith le tacaíocht agus comhairle oibríúcháin, i gcásanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla araon. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin an gá a bheith ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil; comhairle agus treoir thacúil a chur ar fáil; agus comhairleoireacht a thabhairt do dhaoine eile maidir le saincheistanna sonracha.

- Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 1): Cumas forbarthach eolas teicniúil, scileanna agus breithiúnas a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú chun toradh a bhaint amach nó chun tascanna a chur i gcrích go héifeachtach.

Croíchumais

- Pleanáil agus Eagrú (Leibhéal Oilteachta 1): Dea-chumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach agus tosaíochtaí soiléire a leagan síos agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach.
- Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 1): Scileanna maithe cumarsáide léirithe trí dhul i mbun cumarsáid scríofa agus ó bhéal atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD.
- Tionscnaíocht a Ghlacadh (Leibhéal Oilteachta 1): Cumas forbarthach chun tionscnaíocht a ghlacadh trí ghníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus iad a fhuascailt agus réitigh a aimsiú.
- Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht (Leibhéal Oilteachta 1): Cumas forbarthach chun riachtanais an chustaiméara a thuiscint agus a réamh-mheas. Gníomhartha chun táirgí agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar chun ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha uile a chomhlíonadh.
- Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 1): Dea-chumas cur chuige dearfach a ghlacadh maidir le dul i ngleic le hobair agus glacadh le hathrú agus aiseolas a lorg a bhaineann le feidhmíocht agus déileáil leis go tairbheach.
- Caidrimh a Fhorbairt (Leibhéal Oilteachta 1): Caidrimh oibre éifeachtacha a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne.
- Feasacht Eagraíochta (Leibhéal Oilteachta 1): Léiríonn tuiscint ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir agus rialacháin rialachais. Léiríonn tuiscint ar an Tírdhreach Ardoideachais ina bhfeidhmíonn UCD.

Inmhianaithe:

- Eolas ar ollscoil nó ar thimpeallacht oibre choibhéiseach.
- Taithí ar imeachtaí a eagrú.
- Taithí ar shuímh ghréasáin a chothabháil.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/globalengagement/
An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad:	https://www.ucd.ie/global/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Katherine Mulfaul
-------	-------------------

Teideal:	Bainisteoir Domhanda um Staidéar thar Sáile
Seoladh r-phoist:	katherine.mulfaul@ucd.ie
Fón:	N/B